Gradam don Chathair is Inrochtana 2025 – Rialacha an chomórtais

Clár an Ábhair

1. CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ 2
2. GRADAM DON CHATHAIR IS INROCHTANA (GCI) 3
3. NÓS IMEACHTA AGUS CRITÉIR CHUN CATHAIR A AINMNIÚ DO GCI 2025 4
3.1 Critéir incháilitheachta 4
3.2 Eisiamh 5
3.2.1 Infheidhmeacht pionós 5
3.3 Comhdhéanamh an Ghiúiré Náisiúnta agus an Ghiúiré Eorpaigh 5
3.4 An Giúiré Náisiúnta 6
3.5 An Giúiré Eorpach 7
3.6 Tréimhse thráscach 7
4.1 An próiseas Roghnúcháin agus Meastóireachta 7
4.2 Critéir an ghradaim 9
5. SOCRUITHE AGUS SPRIOCDHÁTAÍ CHUN IARRATAIS A CHUR ISTEACH 10
6. AN DREASACHT AIRGEADAIS 11
6.1 Socruithe íocaíochta 12
6.2 Dliteanas aonair iomaitheoirí 12
6.3 Seiceálacha agus iniúchtaí 12
6.4 Próiseáil sonraí pearsanta 12
6.5 Dlí agus dlínse inniúil is infheidhme 12
7. COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LE CEALÚ AN CHOMÓRTAIS 13
8. ADDITIONAL INFORMATION 13
9. IARSCRÍBHINNÍ 13

1. CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ

Tá sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas bheith rannpháirteach go hiomlán i ngach réimse den saol, mar atá ag gach duine eile. In ainneoin an dul chun cinn, áfach, bíonn deacrachtaí fós ag na milliúin daoine faoi mhíchumas maidir le modhanna iompair a úsáid, dul isteach i bhfoirgnimh nó faisnéis a fháil. Ní ábhar imní do dhaoine faoi mhíchumas é an fhadhb sin amháin ach is ábhar imní don tsochaí ina hiomláine í freisin. Tá sé mar aidhm leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Ó 2010 i leith, eagraíonn an Coimisiún Eorpach an Gradam don Chathair is Inrochtana. Leis an nGradam seo, tugtar aitheantas do thoilteanas, cumas agus iarrachtaí cathrach a bheith níos inrochtana, agus déantar ceiliúradh air sin, chun:

- rochtain chomhionann ar chearta bunúsacha a ráthú;
- caighdeán saoil an daonra a fheabhsú agus
- a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine – beag beann ar aois, soghluaisteacht nó cumas – ar na hacmhainní agus ar na pléisiúir ar fad atá i gcathracha.

Tá níos mó ná 100 milliún duine faoi mhíchumas de chineál éigin san Aontas Eorpach agus tá a dhaonra ag dul in aois freisin. Chomh maith leis sin, is sochaí uirbeach í an Eoraip anois go bunúsach, agus thart ar 70% den daonra ina gcónaí i mbailte agus i gcathracha. Mar shochaí, tá sé de dhualgas orainn a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa tsochaí mar a bhíonn gach duine eile. Trí obair mhaith a dhéanamh ar inrochtaineacht, feabhsóidh na cathracha sábháilteacht agus an cháilíocht saoil do gach uile dhuine ar deireadh. Bíonn cathair inrochtana nuair is féidir le daoine faoi mhíchumas an méid seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

- faisnéis a fháil;
- busanna, tramanna agus meitreo a úsáid;
- leas a bhaint as páirceanna agus as clóis súgartha;
- bheith ábalta dul isteach agus timpeall ar fhoirgnimh amhail an leabharlann, halla spóirt agus halla na cathrach.

Is deis í rannpháirtíocht sa Ghradam do chathracha chun aitheantas Eorpach a fháil agus is deis ar leith í chun athbhreithniú a dhéanamh ar a staid reatha. Tugtar an deis leis freisin eispéiris a roinnt le cathracha Eorpacha eile, rud a chuideoidh léi bheith ina cathair níos fearr fós le cónaí inti agus le cuairt a thabhairt uirthi. Faigheann an chathair a bhuafaidh agus na cathracha sa dara háit agus sa tríú háit duais airgeadais freisin. D'fhéadfadh sé go bhfaigheadh iarratasóirí gradam lua speisialta freisin má tá obair eisceachtúil déanta acu i réimse ar leith. Féadfaidh Gradam don Chathair is Inrochtana 2025 tagairt speisialta a bhronnadh ar chathair a dhíríonn ar bhonneagar spóirt inrochtana a fhorbairt chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí spóirt a chinntiú.

Is í an teachtaireacht uileghabhálach is mian le scéim an ghradaim a chur in iúl don leibhéal áitiúil go bhfuil an ceart ag Eorpaigh cónaí i gceantair uirbeacha inar cheart go mbeadh seirbhísí agus gníomhaíochtaí fóillíochta inrochtana do chách. Dá réir sin, ba cheart do chathracha a ndícheall a dhéanamh an cháilíocht saoil a fheabhsú dá saoránaigh trí inrochtaineacht a fheabhsú.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an nGradam don Chathair is Inrochtana le fáil ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh:

https://ec.europa.eu/social/accesscityaward.

2. GRADAM DON CHATHAIR IS INROCHTANA (GCI)

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach buaiteoir an Ghradaim don Chathair is Inrochtana (ACA 2025) a roghnú i ndiaidh comórtais uile-Aontais.

Tá cead ag cathracha ina bhfuil breis is 50,000 cónaitheoir (ar leibhéal riaracháin agus polaitiúil) i gceann de Bhallstáit an AE iarratas a dhéanamh ar an ngradam. I mBallstáit ina bhfuil níos lú ná dhá chathair den sórt sin, is féidir le ceantair uirbeacha ina bhfuil dhá bhaile nó níos mó a bheith rannpháirteach freisin má tá daonra an dá bhaile i dteannta a chéile os cionn 50,000 cónaitheoir.

Is é a bhíonn mar thoradh ar phróiseas roghnúcháin an Ghradaim don Chathair is Inrochtana teideal an Ghradaim don Chathair is Inrochtana 2025 a bhronnadh ar an gcathair bhuaiteach agus duais a bhronnadh ar na buaiteoirí sa dara háit agus sa tríú háit.

D'fhéadfadh sé go mbronnfaí gradam speisialta ar iarratasóirí freisin má tá obair eisceachtúil déanta acu i gceantar ar leith (e.g. timpeallacht thógtha agus spás poiblí; soghluaisteacht, iompar, agus bonneagar gaolmhar; TFC; nó saoráidí agus seirbhísí poiblí). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach freisin 'Bonneagar Spóirt Inrochtana' a bhronnadh go speisialta ar chathair a léiríonn an chaoi a bhfuil inrochtaineacht ina mbonneagar spóirt.

Tá dreasacht airgeadais €350,000 á bronnadh ag an gCoimisiún Eorpach ó cheiliúradh 10 mbliana an Ghradaim (EUR 2020) ar aghaidh. Roinnfear an tsuim sin ar na trí chathair bhuaiteacha (1ú duais: EUR 150 000, 2ú duais: EUR 120 000, 3ú duais: EUR 80 000). Ní áirítear dreasacht airgeadais sna dámhachtainí a luaitear go speisialta.

Chuige sin, is féidir glacadh leis an nglao ar iontrálacha a sheoladh isteach don Gradam don Chathair is Inrochtana 2024 mar rialacha an chomórtais chun an dreasacht airgeadais a bhronnadh[1].

Tá teideal bhuaiteoir an Ghradaim don Chathair is Inrochtana don bhliain 2025 ('bliain an teidil') agus an dreasacht airgeadais le bronnadh sa bhliain 2024 ('bliain an ghradaim') de réir an nós imeachta agus bunaithe ar na critéir atá leagtha síos i rannóg 3. Íoctar an dreasacht airgeadais i dtráthchuid amháin agus tá sí faoi choinníoll agus arna rialú ag na ceanglais atá leagtha síos i rannóg 6 den doiciméad seo.

Tá rialacha reatha an chomórtais arna mbunú agus arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach, a sheolfaidh agus a bhainisteoidh an comórtas le tacaíocht ó Rúnaíocht sheachtrach GCI. Is é Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin Eorpaigh a bheidh freagrach as an dreasacht airgeadais a bhainistiú.

1 Leanfaidh an dreasacht airgeadais atá beartaithe na rialacha maidir le duaiseanna mar atá leagtha amach sa Rialachán Airgeadais 2018/1046 is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (Teideal IX, Airteagal 206 agus Airteagal 207).

3. NÓS IMEACHTA AGUS CRITÉIR CHUN CATHAIR A AINMNIÚ DO GCI 2025

Bronnfar teideal bhuaiteoir an Ghradaim don Chathair is Inrochtana 2024 i ndiaidh comórtais idir na cathracha is iarrthóirí. Mínítear na critéir incháilitheachta chun cur isteach ar an gcomórtas thíos.

3.1 Critéir incháilitheachta

Leis an gGradam don Chathair is Inrochtana 2025 bronnfar duais ar thrí chathair. Is é an buaiteoir sa chéad an t-aon chathair a buafaidh teideal an Ghradaim don Chathair is Inrochtana 2025. Bronnfar duais ar na buaiteoirí sa dara háit agus sa tríú háit freisin. Tá an glao ar iontrálacha don chomórtas don Ghradam don Chathair is Inrochtana 2025 oscailte do na hiarratasóirí seo a leanas:

- Ní mór ná gur údarás rialtais de chathair ina bhfuil breis is 50,000 cónaitheoir (ar leibhéal riaracháin agus polaitiúil) i gceann de Bhallstáit AE é an comhlacht atá ag cur iarratais isteach. Glactar leis gurb ionann 'cathair' agus ceantar uirbeach, seachas ceantair chathrach, criosanna uirbeacha níos mó agus ceirtleáin uirbeacha, agus gurb ionann 'cathair' agus aonad riaracháin atá á rialú ag comhairle cathrach nó comhlacht rialtais de chineál eile atá tofa go daonlathach.
- I mBallstáit den AE ina bhfuil níos lú ná dhá chathair/eintiteas riaracháin den sórt sin, is féidir le ceantair uirbeacha ina bhfuil dhá bhaile/eintiteas riaracháin nó níos mó a bheith rannpháirteach freisin má tá daonra an dá bhaile/eintiteas sin i dteannta a chéile os cionn 50,000 cónaitheoir.
- I gcás sonraí maidir leis an daonra, beidh Eurostat ina fhoinse tagartha. I gcás tíortha nach bhfuil cumhdaithe ag Eurostat, déanfaidh an Coimisiún seiceálacha sonracha agus measúnú á dhéanamh aige ar na critéir incháilitheachta, agus d'fhéadfadh sé a iarraidh ar aon chathracha lena mbaineann a chruthú go gcomhlíonann siad an ceanglas sin.
- Ní féidir le **buaiteoirí a tháinig sa chéad áit roimhe seo iarratas a dhéanamh** ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh dóibh teideal an Ghradaim don Chathair is Inrochtana a bhaint amach i mbliain ar leith[2].
- Ba cheart gurb é an sínitheoir an méara nó an t-ionadaí cathrach is airde céim atá údaraithe, de réir an dlí náisiúnta, chun ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh don chathair.

Comhlánóidh gach iarrthóir gach rannóg den fhoirm iarratais choitinn don Ghradam don Chathair is Inrochtana, 2025, (féach **Iarscríbhinn I**). Iarrtar ar chathracha is iarrthóirí na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas a chomhlíonadh nuair atá a n-iarratais á ndréachtú acu. Ní dhéanfar tuilleadh scrúdaithe ar iarratais nach gcloíonn leis na ceanglais seo ag an gcéim réamhroghnaithe:

- **Moltar d'iarratasóirí a dtogra tionscadail a chur isteach i mBéarla**, chun cabhrú le déileáil leis na tograí a mheas agus dlús a chur faoin bpróiseas meastóireachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go nglactar le tograí a chuirtear isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an AE.
- Ní mór iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú agus a chur isteach faoin **spriocdháta, 10 Meán Fómhair 2024, 23:59 CEST**.

2 Tháinig an fhoráil sin i bhfeidhm i Samhain 2019 ar ócáid ACA 2020, agus ní bhíonn feidhm aici ach amháin i gcás na gcathracha a bhaineann amach an chéad áit i gcomórtas GCI.

- Freagróidh cathracha is iarrthóirí gach ceist, comhlánóidh siad gach rannóg den fhoirm iarratais, agus cloífidh siad leis na teorainneacha focal atá luaite le gach rannóg den fhoirm iarratais. Ní chuirfear aon fhocal sa bhreis ar na teorainneacha sonraithe san áireamh agus d'fhéadfaí freagraí iarratais a fhágáil neamhiomlán dá bharr.
- D'fhéadfadh an Rúnaíocht teagmháil a dhéanamh le cathracha/eintitis sa chás go mbíonn earráidí cléireachais ann agus/nó go mbíonn doiciméid ar iarraidh.

Comhlánóidh gach iarrthóir gach cuid den **fhoirm iarratais**[3]. Le cois na faisnéise atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí Dearbhú an Mhéara, an Dearbhú ar Bhriathar, an Fhoirm Eintitis Dhlítheanaigh (FED, féach Iarscríbhinn V) agus an Fhoirm Aitheantais Airgeadais (FAA Iarscríbhinn VI), a uaslódáil.Chomh maith leis sin, tugtar cuireadh d'iarrthóirí cur i láthair deich sleamhnán PowerPoint a uaslódáil – nó nasc chuige a sholáthar – chun léargas a thabhairt ar an iarratas agus aird a tharraingt ar na pointí láidre ann.

Is féidir suas le cúig chomhad[4] (is é 10 MB an t-uasmhéid do chomhad amháin) nó nasc a uaslódáil. Is féidir na comhaid uaslódáilte sin a bheith scríofa i dteanga náisiúnta ballstáit de AE, atá ag glacadh páirt sa chomórtas.

Ní mór gach doiciméad uaslódáilte a ainmniú go cuí. Ba cheart go sonrófaí go soiléir in ainm an chomhaid an méid atá sa chomhad.

Ba cheart an Nóta Treorach GCI (**Iarscríbhinn II**) a léamh leis an bhfoirm Iarratais don Ghradam don Chathair is Inrochtana, 2025.

3.2 Eisiamh

Féadfaidh an Coimisiún, ina ról mar údarás conarthach, rannpháirtithe atá i gceann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagal 136 agus Airteagal 141 den Rialachán Airgeadais a eisiamh. Ní mór d'iarratasóirí an dearbhú ar onóir (Iarscríbhinn IV) a shíniú ina luaitear nach bhfuil siad in aon cheann de na cásanna sin.

3.2.1 Infheidhmeacht pionós

Féadfar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ar iarratasóirí, atá ciontach as mífhaisnéis, má chruthaítear go bhfuil aon cheann de na dearbhuithe nó an fhaisnéis a cuireadh ar fáil mar choinníoll rannpháirtíochta sa nós imeachta seo bréagach, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 138 den Rialachán Airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le luach na dreasachta airgeadais.

3.3 Comhdhéanamh an Ghiúiré Náisiúnta agus an Ghiúiré Eorpaigh

Bunófar Giúiré Náisiúnta sna ballstáit ina ndéanann cathracha iarratas. Áirítear sna Giúiréithe Náisiúnta íosmhéid de thriúr agus uasmhéid de chúigear ball ag a bhfuil réimsí difriúla saineolais. I bprionsabal, is é seo a leanas struchtúr chomhdhéanamh an Ghiúiré Náisiúnta:

- Ionadaí amháin ón gComhairle Náisiúnta Míchumais,
- Ionadaí amháin ó údarás náisiúnta atá freagrach as beartas míchumais,

3 Is féidir rochtain a fháil ar an ardán iarratais trí shuíomh gréasáin Ghradam Rochtana na Cathrach : https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1141

4 Glactar leis na formáidí comhaid seo a leanas: doc, docx, rtf, pps, ppsx, ppt, pptx, xls, xlsx, pdf, zip, gif, jpeg, jpg, png.

- Saineolaí inrochtaineachta neamhspleách amháin,
- Cathaoirleach amháin (murar ball é de cheann den trí chatagóir thuasluaite),
- Saineolaí amháin ar aosú an daonra.

Tá stádas comhionann ag baill de ghiúiréithe agus déantar cinntí trí chomhaontú. Is é an ról atá ag an gcathaoirleach obair an Ghiúiré Náisiúnta a chomhordú.

Tá sé de dhualgas ar bhaill den Ghiúiré na hiarratais atá curtha isteach ag na cathracha a mheas (féach rannóg 4.2 thíos). Áireofar sa mheasúnú meastóireachtaí cáilíochtúla, agus athbhreithniú piaraí ar gach iarratas. Bunóidh na Giúiréithe Náisiúnta gearrliosta de thrí chathair ar a mhéad do gach Ballstát bunaithe ar an rátáil, de réir na gcritéar, mar atá leagtha amach i rannóg 4.1

Déanfaidh an Giúiré Eorpach measúnú ar na hiarrthóirí náisiúnta a théann ar aghaidh go dtí an dara céim den chomórtas. Beidh seachtar ar a laghad ar an ngiúiré Eorpach. Déanfaidh siad ionadaíocht ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na heagraíochtaí agus/nó na réimsí saineolais seo a leanas:

- An Fóram Eorpach maidir le Míchumas,
- Ardán AGE na hEorpa,
- Saineolaí ar an timpeallacht thógtha agus ar spásanna poiblí,
- Saineolaí ar iompar agus ar bhonneagar gaolmhar,
- Saineolaí ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide (TFC)
- Saineolaí ar shaoráidí agus ar sheirbhísí poiblí,
- Saineolaí ar bhonneagar inrochtana spóirt.

Déanfaidh an Giúiré Eorpach (féach rannóg 4.3), tuilleadh measúnaithe ar na cathracha gearrliostaithe trí na critéir agus na huasrátaí céanna a d'úsáid na Giúiréithe Náisiúnta a chur i bhfeidhm agus ar a bhfuil cur síos i rannóg 4.1. agus rannóg 4.2. thíos.

3.4 An Giúiré Náisiúnta

Is é Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhpháirt leis an bhFóram Eorpach maidir le Míchumas a chuireann na Giúiréithe ar bun. Déanann baill an Ghiúiré Náisiúnta a gcúraimí ar bhonn pro bono agus tacaíonn Rúnaíocht an Ghradaim don Chathair is Inrochtana leo. Is é an aidhm atá ag an nGiúiré Náisiúnta suas le trí chathair a roghnú (ar a dtugtar iarrthóirí náisiúnta), as measc na n-iarratasóirí náisiúnta, de réir na gcritéar meastóireachta a ndéantar cur síos orthu i rannóg 4.1. Chomh maith leis sin, caithfear na cathracha gearrliostaithe a chur in iúl do Rúnaíocht an Ghradaim. Tá cúraimí an Ghiúiré Náisiúnta leagtha amach i rannóg 4.1. Is daoine iad baill an Ghiúiré Náisiúnta a cheaptar i gcáil phearsanta agus feidhmíonn siad go neamhspleách agus ar son leas an phobail. Ní mór do dhaoine a cheaptar mar bhaill den Ghiúiré Náisiúnta i gcáil phearsanta aon imthosca a nochtadh a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa trí 'dhearbhú maidir le neamhláithreacht coinbhleachtaí leasa' a chur isteach tríd an ardán ar líne atá bunaithe do phróiseas roghnúcháin GCI. Cuirfidh gach ball den Ghiúiré Náisiúnta a c(h)úram i gcrích ó chian, tríd an ardán ar líne; teachtaireachtaí ríomhphoist a mhalartú; agus/nó glaonna teileafóin.

3.5 An Giúiré Eorpach

Is é Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin Eorpaigh a cheapfaidh baill an Ghiúiré Eorpaigh. Beidh comhdhéanamh an Ghiúiré Eorpaigh ag teacht lena bhfuil leagtha amach i rannóg 3.3. Tá cúraimí an Ghiúiré leagtha amach i rannóg 4.1. Is daoine iad baill an Ghiúiré Eorpaigh a cheaptar i gcáil phearsanta agus feidhmíonn siad go neamhspleách agus ar mhaithe leis an bpobal. Ní mór do dhaoine a cheaptar mar bhaill den Ghiúiré Eorpach i gcáil phearsanta aon imthosca a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa a nochtadh trí 'dhearbhú maidir le neamhláithreacht coinbhleachtaí leasa' a shíniú ag cruinniú an ghiúiré Eorpaigh. Caithfidh leibhéal líofachta sa Bhéarla a bheith ag baill an ghiúiré Eorpaigh chomh maith. Cuirfidh gach ball den Ghiúiré Eorpach a c(h)úram i gcrích ó chian, tríd an ardán ar líne; malartú ríomhphost agus/nó glaonna teileafóin.

Tiocfaidh comhaltaí an Ghiúiré Eorpaigh le chéile ar líne mí amháin ar a dhéanaí roimh an Searmanas Bronnta. Ainmneoidh an giúiré, de chomhthoil, an buaiteoir, an dara háit agus an tríú háit chomh maith leis na cathracha a mbeidh moladh speisialta bainte amach acu, más ann dóibh. Beidh a bplé bunaithe ar an tuarascáil mheasúnaithe a fuair na Giúiréithe Náisiúnta.

3.6 Tréimhse thascach

Cúraimí	**Tréimhse thascach**
Seoladh an chomórtais	27 Meitheamh 2024
Spriocdháta d'iarratais	10 Meán Fómhair 2024, 23:59 ASLE
Meastóireacht ag na giúiréithe náisiúnta	Deireadh mhí Mheán Fómhair 2024
Meastóireacht ag an nGiúiré Eorpach (cruinniú ar líne)	Tús/Lár mhí Dheireadh Fómhair 2024
Faisnéis d'Iarratasóirí	Tús mhí na Samhna 2024
Searmanas an Ghradaim don Chathair is Inrochtana	29 Samhain 2024

4. AN PRÓISEAS MEASTÓIREACHTA

4.1 An próiseas Roghnúcháin agus Meastóireachta

Déantar measúnú ar roghnú na gcathracha a bhfuil teideal an Ghradaim don Chathair is Inrochtana 2025 le bronnadh orthu bunaithe ar shraith choiteann de chritéir mheastóireachta chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cothromas a chinntiú sa phróiseas.

Sonraítear na critéir a úsáidtear agus a n-ualach i rannóg 4.2. Ní féidir cead a thabhairt do chathracha is iarrthóirí ag an leibhéal náisiúnta nach bhfaigheann 60 pointe, ar a laghad, leanúint ar aghaidh go dtí leibhéal Eorpach an chomórtais.

Déantar an roghnúchán in dhá chéim: **réamhroghnúchán** ar an leibhéal náisiúnta agus **roghnúchán deiridh ar an leibhéal Eorpach**. Seiceálfaidh Rúnaíocht GCI na hiarratais faighte de réir na gceanglas foirmiúil agus dlíthiúil a leagtar amach i rannóg 3.1 agus rannóg 3.2. Ní dhéanfar tuilleadh scrúdaithe ar iarratais nach gcomhlíonann na ceanglais sin, agus cuirfear as an áireamh ón gcomórtas iad.

- **Réamhroghnúchán**

Is iad na Giúiréithe Náisiúnta a chuirfidh an chéim réamhroghnúcháin i gcrích. Bunófar na Giúiréithe sin i ngach Ballstát inar chuir cathracha isteach ar an gcomórtas GCI. Ainmneoidh na Giúiréithe Náisiúnta gearrliosta ina mbeidh trí chathair ar a mhéad le haghaidh gach Ballstáit (arna sainiú mar iarrthóirí náisiúnta) agus cuirfear an liosta faoi bhráid bhaill an Ghiúiré Eorpaigh. Cuirfear cathracha nach gcuirfear ar an ngearrliosta ar an eolas maidir le toradh na meastóireachta ar a n-iarratas.

- **Roghnúchán Deiridh**

As measc na n-iarrthóirí náisiúnta réamhroghnaithe, roghnaíonn an Giúiré Eorpach buaiteoir an Ghradaim don Chathair is Inrochtana agus na buaiteoirí sa dara háit agus sa tríú háit.

Ina theannta sin, féadfaidh an Giúiré Eorpach cinneadh a dhéanamh “Moladh Speisialta” nó roinnt “Meastachán Speisialta” eile a bhronnadh, ag brath ar an méid seo a leanas:

- Má tá obair eisceachtúil déanta acu i bpríomhréimse ar leith d’inrochtaineacht: (e.g., an timpeallacht thógtha agus an spás poiblí; soghluaisteacht, iompar, agus bonneagar gaolmhar; faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear TFC; nó saoráidí agus seirbhísí poiblí), nó• an comhthéacs agus na tionscadail/beartais reatha nó buaicphointí sonracha na n-aighneachtaí (e.g., rochtain ar oidhreacht chultúrtha, rochtain ar obair, etc.).

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach ‘Bonneagar Spóirt Inrochtana’ a lua go speisialta do chathair a léiríonn an chaoi a mbaineann siad le hinrochtaineacht ina mbonneagar spóirt.

Cuirtear measúnú na nGiúiréithe Náisiúnta ar na cathracha gearrliostaithe i láthair an Ghiúiré Eorpaigh i bhfoirm tuarascáil mheasúnachta roimh chruinniú an ghiúiré, agus feidhmíonn an Tuarascáil mar dhoiciméad cúlra nuair a bhíonn an Giúiré i mbun breithniúcháin.

Cuirfear cathracha nár roghnaíodh ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta ar a n-iarratas. Ní chuirtear aon aiseolas a thugtar d’iarrthóirí nár roghnaíodh ar fáil go poiblí agus is chun na cathrach ábhartha amháin a úsáidtear é.

- **Breithniúchán an Ghiúiré**

Casfaidh baill an Ghiúiré Eorpaigh le chéile - nó ar líne mí amháin, ar a laghad, roimh Shearmanas na nGradam[5]. Ainmneoidh an Giúiré, trí chomhaontú, an buaiteoir, an chathair sa dara háit agus sa tríú háit, mar aon leis na cathracha a dtabharfar moladh speisialta dóibh, más ann dóibh. Beidh ar a bplé a bheith i bhfoirm tuarascála comhthola agus beidh sé bunaithe ar na tuarascálacha measúnaithe a fuarthas ó na Giúiréithe Náisiúnta. Ní mór do gach comhalta den Ghiúiré an tuarascáil chomhdhearcaidh sin a shíniú.

- **Céim bronnta na ngradam**

Fógrófar buaiteoir an Ghradaim Eorpaigh don Chathair is Inrochtana 2025 go hoifigiúil ag an Searmanas Bronnta sa Bhruiséil **29 Samhain 2024**.

5 Féach an amlíne táscach i gcuid 3.6

4.2 Critéir an ghradaim

Déanfaidh baill an Ghiúiré Náisiúnta agus AE measúnú ar na cathracha is iarrthóirí bunaithe ar na critéir mheastóireachta seo a leanas:

1) *Ábharthacht do na cuspóirí*

Soláthróidh an t-iarratasóir tuairisc ar ghníomhartha, beartais agus tionscnaimh – an bhfuil siad curtha chun feidhme cheana féin nó ag an gcéim phleanála – i ngach ceann de na ceithre phríomhréimse um inrochtaineacht:

a. an timpeallacht thógtha agus spásanna poiblí;

b. bonneagar iompair agus gaolmhar;

c. faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC);

d. saoráidí agus seirbhísí poiblí.

Caithfidh an t-iarratasóir rathúil cur chuige comhleanúnach a léiriú i ndáil le hinrochtaineacht sa cheithre réimse agus fís uaillmhianach i ndáil le dul i ngleic le hinrochtaineacht sa chathair.

2) *Úinéireacht, leibhéal gealltanais*

Ba cheart go ndéanfadh iarratasóirí cur síos ar na struchtúir nó ar an gcreat atá bunaithe i riarachán na cathrach chun gníomhaíochtaí inrochtaineachta a chur chun feidhme. **Maidir leis na gníomhaíochtaí atá curtha chun feidhme nó pleanáilte, ní mór a léiriú san iarratas gur cuid iad de straitéis chomhleanúnach nó de chreat beartais, seachas tionscadail *ad hoc***. Ní mór go mbeadh an straitéis inrochtaineachta príomhshruthaithe i mbeartais agus i rialacháin na cathrach. Ní mór go mbeadh ráiteas/gealltanas beartais maidir le hinrochtaineacht ag ardleibhéal freagrachta le feiceáil. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil faoi acmhainní oiriúnacha (foireann, buiséad, etc.) leithdháilte chun na beartais sin a chur chun feidhme. Ní mór breithnithe maidir le costas inrochtaineachta a chur leis an measúnacht ar na tairbhí a bhfuil súil leo.

3) *Tionchar*

Beidh tionchar dearfach follasach ag beartais/tionscnaimh na cathrach ar shaol laethúil daoine faoi mhíchumas, agus ar cháilíocht saoil na cathrach trí chéile. Cuirfear samplaí de thionscnaimh atá ag díriú ar dhaoine faoi mhíchumas ar fáil, agus míneofar conas a théann siad chun tairbhe an daonra trí chéile, más ábhartha. Cuirfidh na hiarratasóirí sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ar fáil chun tacú le héilimh maidir le rath agus soláthróidh siad samplaí praiticiúla. Tá sé tábhachtach tionscada(i)l – más ann dá leithéid – a bhfuil daoine faoi mhíchumas intleachta páirteach ann/iontu a lua. Déanfar measúnú ar thionscnaimh agus ar bheartais phleanáilte bunaithe ar a gcomhleanúnachas agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu.

4) *Caighdeán agus inbhuanaitheacht torthaí*

Míneoidh iarratasóirí na struchtúir, meicníochtaí agus próisis atá bunaithe chun caighdeán agus inbhuanaitheacht na dtorthaí a baineadh amach a chinntiú. **Sainmhínítear caighdeán na dtorthaí i dtéarmaí na bhfeabhsúchán a rinneadh ar an leibhéal inrochtaineachta agus a chomhlíonadh le caighdeáin agus reachtaíocht a chur chun cinn.** Le torthaí inbhuanaithe a chur ar fáil, is gá iarrachtaí leanúnacha, acmhainní slána agus bunú struchtúr fónta; tá meicníochtaí meastóireachta agus monatóireachta (do sheiceáil rialta, fadhbanna a thuairisciú agus a réiteach, déileáil le gearáin etc.) riachtanach chun rath a mheas.

5) *Rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus comhpháirtithe ábhartha*

Ní mór rannpháirtíocht ghníomhach agus shoiléir daoine faoi mhíchumas, a n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus saineolaithe inrochtaineachta a léiriú i bpleanáil, cur chun feidhme agus cothabháil beartas agus tionscnamh cathrach atá dírithe ar inrochtaineacht a mhéadú. Chomh maith leis sin, déanfaidh na hiarratasóirí cur síos ar conas a mhúsclaíonn siad feasacht faoi inrochtaineacht; cibé agus conas a scaipeann, a mhalartaíonn agus a gcomhroinneann siad taithí agus dea-chleachtais le cathracha eile ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach.

Critéar	**Uaslíon pointí**
1. Ábharthacht do na cuspóirí	20
2. Úinéireacht, leibhéal gealltanais	20
3. Tionchar	20
4. Caighdeán agus inbhuanaitheacht torthaí	20
5. IRannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus comhpháirtithe ábhartha	20
IOMLÁN	**100**

5. SOCRUITHE AGUS SPRIOCDHÁTAÍ CHUN IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Beidh an comórtas ar siúl ón 27 Meitheamh 2024 go dtí an 10 Meán Fómhair 2024.

Ní mór gach iarratas a chur isteach go díreach ar líne tríd an ardán iarratais ar líne, **ardán ar féidir rochtain a fháil air trí Ashuíomh gréasáin Ghradam na Cathrach Rochtana 2025**. **Ní** ghlactar le hiarratais i bhformáid pháipéir.

Ní mór an t-iarratas iomlán a bheith scríofa i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Moltar, áfach, an t-iarratas a chur isteach i mBéarla chun measúnú na n-iarratas a reáchtáil go réidh agus go tráthúil. Ní mór na hiarratais a bheith comhlánaithe. Ní mór d'iarratasóirí gach ceist a fhreagairt agus gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú. Mura féidir ceist a fhreagairt, ba cheart cúiseanna a thabhairt. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi le hiarratas ar líne a chur isteach, féach an Nóta Treorach (Iarscríbhinn II).

Cloífidh na hiarratais leis na teorainneacha focal atá luaite i ngach cuid den fhoirm iarratais. Ní chuirfear aon fhocail os cionn na teorann sonraithe san áireamh agus d'fhéadfadh sé go bhfágfaí freagraí neamhiomlána ar iarratais.

Féadfar dul i dteagmháil le cathracha iarrthacha i gcás earráidí cléireachais agus/nó riaracháin nó i gcás doiciméid atá ar iarraidh.

Chun iarratas comhlánaithe ar líne a chur isteach, ba cheart an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Foirm iarratais chomhlánaithe ar líne (Iarscríbhinn I);
- Dearbhú ábhartha an Mhéara (Iarscríbhinn III), arna shíniú ag an méara nó ag an Ionadaí Cathrach is airde rangú, atá údaraithe leis an dlí náisiúnta ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh thar ceann na cathrach/an limistéir uirbigh)

- An dearbhú ar onóir (Iarscríbhinn IV)
- An Fhoirm Eintitis Dhlíthiúil (Iarscríbhinn V)
- An Fhoirm Aitheantais Airgeadais (Iarscríbhinn VI)

Ní mór na hiarratais a chomhlánú agus a chur isteach ina n-iomláine. Chomh maith leis an bhfaisnéis a tugadh san fhoirm iarratais, iarrtar ar iarrthóirí cur i láthair deich sleamhchuid PowerPoint a uaslódáil nó nasc a chur ar fáil chuige chun pointí láidre a n-iarratais a léiriú agus a aibhsiú.

Suas le cúig chomhad[6] (is é 10 MB ar a mhéad méid comhaid amháin) nó is féidir naisc a uaslódáil. Is féidir na comhaid a uaslódáladh a bheith i dteanga náisiúnta Bhallstát an Aontais Eorpaigh a ghlac páirt sa chomórtas.

Ní mór gach doiciméad uaslódáilte a ainmniú mar is cuí. Ba cheart ainm an chomhaid a lua go soiléir cad a léiríonn an comhad nó atá ann.

Ba cheart ceisteanna a chur faoi bhráid na Rúnaíochta: secretariat@accesscityaward.eu

Is é an 10 Meán Fómhair 2024 ag 23:59 ASLE (GMT + 2) an spriocdháta le hiarratais a chur isteach. Nuair a bheidh an t-iarratas curtha isteach, beidh leathanach deimhnithe le feiceáil. Déanfar na hiarratais a bhailíochtú ina dhiaidh sin agus cuirfear in iúl d'iarratasóirí tráth nach déanaí ná dhá mhí go leith i ndiaidh an spriocdháta d'iarratais atá sonraithe thuas cibé ar glacadh nó nár glacadh lena n-iarratas sa chomórtas.

Le haghaidh na gceanglas foirmiúil, tagair do na critéir atá leagtha amach i rannóg 3 thuas.

6. AN DREASACHT AIRGEADAIS

Is fiú €350.000 é an dreasacht airgeadais (trí chéad caoga míle euro). Bronnfar í ar an gcathair a bhuafaidh an Ghradam don Chathair is Inrochtana agus ar na cathracha sa dara háit agus sa tríú háit.

Leithdháilfear na cistí mar seo a leanas:

1) €150 000 ar bhuaiteoir an Ghradaim don Chathair is Inrochtana 2025 (an chéad áit)
2) €120,000 ar bhuaiteoir an dara háite
3) €80,000 ar bhuaiteoir an tríú háite

Caithfear an dreasacht airgeadais a bhronnfar ar na cathracha a bhuaigh an chéad duais, an dara duais agus an tríú duais a chaitheamh chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na cathrach do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le raon feidhme Ghradam na Cathrach is Inrochtana.

6.1 Socruithe íocaíochta

Fógrófar buaiteoirí an Ghradaim don Chathair in Inrochtana ag Searmanas an Ghradaim (féach ar rannóg 4.1). Bronnfar an dreasacht airgeadais trí aistriú bainc i ndiaidh na gcathracha buaiteacha a fhógairt agus a ainmniú ag Searmanas oifigiúil an Ghradaim. Déanfar an íocaíocht i dtráthchuid amháin laistigh de 60 lá ón uair a bhfógraítear na buaiteoirí go hoifigiúil.

6 Glactar leis na formáidí comhaid seo a leanas: doc, docx, rtf, pps, ppsx, ppt, pptx, xls, xlsx, pdf, zip, gif, jpeg, jpg, png.

6.2 Dliteanas aonair iomaitheoirí

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach agus Rúnaíocht GCI freagrach as aon éileamh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích ag an iomaitheoir i gcreat an Ghradaim Eorpaigh don Chathair is Inrochtana. Ní bheidh an Coimisiún faoi dhliteanas maidir le haon damáiste a tharlódh d'aon cheann de na hiomaitheoirí nó a dhéanfadh aon cheann de na hiomaitheoirí, lena n-áirítear aon damáiste a dhéanfaí do thríú páirtithe mar thoradh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas nó lena linn sin.

6.3 Seiceálacha agus iniúchtaí

ONuair a bheidh an cinneadh maidir le bronnadh na dreasachta airgeadais bunaithe ag oifigeach údarúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, glacann na hiomaitheoirí leis go bhféadfadh an Coimisiún, OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí seiceálacha agus iniúchtaí a dhéanamh i ndáil leis an gcomórtas agus leis an dreasacht airgeadais atá faighte.

6.4 Próiseáil sonraí pearsanta

Tá an Coimisiún faoi réir Rialachán 2018/1725 maidir le cosaint daoine aonair chomh fada is a bhaineann le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Aontais. Áirítear san fhaisnéis airgeadais a theastaíonn Foirm Eintitis Dhlítheanaigh na Cathrach agus an Fhoirm Aitheantais Airgeadais sínithe go cuí. Próiseálfar sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil mar chuid den fhoirm iarratais i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm. Féadfaidh iomaitheoirí, trí iarratas i scríbhinn a dhéanamh, rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus aon fhaisnéis atá míchruinn nó neamhiomlán a cheartú (féach rannóg 8 le haghaidh sonraí teagmhála). Beidh an Coimisiún Eorpach údaraithe chun an fhaisnéis seo a leanas a fhoilsiú nó tagairt di, i gcibé foirm nó i gcibé meán:

- Ainm na cathrach buaití
- Méid na dreasachta airgeadais bronnta
- Ábhar an ghradaim

6.5 Dlí agus dlínse inniúil is infheidhme

Maidir leis an ngradam agus íocaíocht na dreasachta airgeadais, tá feidhm le Dlí an Aontais. An chúirt nó bord eadrána inniúil chun díospóidí a éisteacht i gCúirt Ghinearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh: An Chúirt Ghinearálta, Rue du Fort Niedergrünewald L-2925 Lucsamburg. Teil: (352) 4303-1, Facs: (352) 4303 2100, Ríomhphost: GC.Registry@curia.europa.eu

7. COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LE CEALÚ AN CHOMÓRTAIS

Tá an ceart ag an gCoimisiún chun deireadh a chur leis an gcomórtas roimh an spriocdháta gan aon oibleagáid gradam a bhronnadh ná iarratasóirí a chúiteamh. Tá an ceart ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh gan aon dreasacht airgeadais a bhronnadh mura bhfaightear aon iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta nó má chinneann an Giúiré gan an dreasacht airgeadais a bhronnadh ar aon cheann de na hiarratais incháilithe.

8. ADDITIONAL INFORMATION

Tá an próiseas iarratais, agus obair na nGiúiréithe Náisiúnta agus Eorpacha á n-éascú trí Rúnaíocht GCI, atá á reáchtáil ag Ecorys Europe EEIG. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an Rúnaíocht le gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí a bhaineann le scéim an ghradaim trí shuíomh gréasáin GCI agus trí chainéil chumarsáide éagsúla amhail bróisiúir, na meáin shóisialta, gearrtháin scannáin etc. Déan teagmháil leis an Rúnaíocht trí Ríomhphost a sheoladh chuig:

Déan teagmháil leis an Rúnaíocht trí Ríomhphost a sheoladh chuig:
secretariat@accesscityaward.eu
nó chuig an gCoimisiún Eorpach ag:
EMPL-EDPD-ACA@ec.europa.eu

9. IARSCRÍBHINNÍ

I. **Foirm iarratais**
II. **Nóta Treorach**
III. **Dearbhú an mhéara**
IV. **Dearbhú maidir le honóir**
V. **Foirm Eintitis Dhlítheánaigh (FED)**
VI. **Foirm Aitheantais Airgeadais (FAA)**